# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1046 ÓN gCOMHAIRLE

**an 30 Bealtaine 2023**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine [1] nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.

(3) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart beirt atá freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlíthiúla, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Bealtaine 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. ROSWALL

[1] IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na daoine a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014:

**Daoine**

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '1500. | Aleksandr KALININ<br>(Александр КАЛИНИН) | Feidhm: polaiteoir, ceannaire Pháirtí Réigiúin na Moldóive, ceann na heagraíochta poiblí idir-réigiúnaí darb ainm an Congress of Moldovan Diasporas<br>Dáta breithe: 16.2.1977<br>Áit bhreithe: Balti, USSR roimhe seo (Poblacht na Moldóive anois)<br>Inscne: fireann<br>Náisiúntacht: Moldóvach, Rúiseach | Is polaiteoir Moldóvach é Aleksandr Kalinin, agus tá sé ina cheannaire ar Pháirtí Réigiúin na Moldóive. Ó thosaigh cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, tá cuairt tugtha aige ar limistéir fhorghafa oirthear na hÚcráine agus tá tacaíocht tugtha aige d'fhórsaí míleata na Rúise. Ina theannta sin, tá siombailí Rúiseacha an ionraidh ar an Úcráin agus ghníomhaíochtaí na Rúise in oirthear na hÚcráine curtha chun cinn go poiblí aige.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agusbeartais, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad ar an méid sin. | 30.5.2023 |
| 1501. | Grigore CARAMALAC<br>ar a dtugtar freisin Grigory Ivanovich KARAMALAK<br>(Григорий Иванович КАРАМАЛАК) | Feidhm: fear gnó uachtarán Fhondúireacht IFAVIS; leas-uachtarán an Russian Federation of Wrestling; cúntóir an tseanadóra do réigiún Kursk, Alexander Bryksin<br>Dáta breithe: an 21.5.1965<br>Áit bhreithe: Taraclia, iar-USSR (Poblacht na Moldóive anois)<br>Inscne: fireann<br>Náisiúntacht: Moldóvach, Rúiseach<br>Daoine gaolmhara: Alexander Yuryevich BRYKSIN | Is duine gnó Rúiseach/Moldóvach é Grigore Caramalac. Tá smacht aige ar Fhondúireacht IFAVIS (Cónaidhm na Rúise), trína bhfuil imeachtaí tírghrácha agus spóirt eagraithe aige sna críocha faoi fhorghabháil in oirthear na hÚcráine, le tacaíocht ó na húdaráis forghabhála.<br>Ina theannta sin, is cúntóir é do sheanadóir na Rúise do réigiún Kursk, Alexander Bryksin. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad sin ar an méid sin. Tá baint ag Grigore Caramalac freisin le Alexander Bryksin. | 30.5.2023'. |